



An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2018
(OR. en)

9717/18

ENFOPOL 299
FREMP 92

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	4 Meitheamh 2018
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	8972/18 + COR 1
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le foréigean baile a chomhrac, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban - Conclúidí ón gComhairle (4 Meitheamh 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le foréigean baile a chomhrac, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban, Conclúidí a ghlac an Chomhairle ag a 3622ú cruinniú ar an 4 Meitheamh 2018.

Conclúidí ón gComhairle

**maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le foréigean baile a chomhrac,
lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban**

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH:

1. Dearbhaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an gcomhionannas, agus an mheasa ar chearta an duine agus is comhluachanna iad na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.
2. Cuireann Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtreis go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, an neamhionannas idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh; agus sonraítear i nDearbhú 19 maidir le hAirteagal 8 go mbeidh sé mar aidhm ag an Aontas ina bheartais éagsúla, faoi chuimsiú na n-iarrachtaí domhanda na neamhionannais idir mná agus fir a dhíchur, gach saghas foréigin baile a chomhrac, agus go ndéanfaidh na Ballstáit gach beart is gá a ghlacadh chun na gníomhartha coiriúla sin a chosc agus a phionósú agus chun tacú leis na híospartaigh agus iad a chosaint.
3. Tá roinnt ionstraimí reachtúla de chuid an Aontais ann cheana a rannchuidíonn le deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe agus a chinntíonn go dtabharfar cosaint agus tacaíocht d'íospartaigh foréigin baile, go háirithe an Treoir maidir le Cearta Íospartach¹ agus na hionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach d'orduithe cosanta².

¹ Treoir 2012/29/AE

² Treoir 2011/99/AE agus Rialachán 606/2013/AE

4. Ar an 11 Bealtaine 2017, ghlac an Chomhairle dhá chinneadh maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), coinbhinsiún atá sínithe cheana ag na Ballstáit uile.
5. In 2012, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le Foréigean in aghaidh na mBan a chomhrac agus Seirbhísí Tacaíochta a sholáthar d'Íospartaigh Foréigin Baile³, agus in 2014 ghlac sí conclúidí maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban⁴.
6. Nuair a dhéantar foréigean ar mhná, ceiltear a gcearta agus a saoirsí daonna orthu. Is léiriú é an foréigean in aghaidh na mban ar an idirdhealú in aghaidh na mban (murab é toradh an idirdhealaithe sin é), agus is éard atá i gceist leis gach gníomh foréigin inscnebhunaithe a dhéanann, nó ar dócha go ndéanfaidh sé, dochar fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch nó eacnamaíoch do mhná nó a chuirfeadh ag fulaingt iad, lena n-áirítear bagairtí go ndéanfaí gníomhartha den sórt sin, comhéigean nó sairse a bhaint go treallach, bíodh sé sin go poiblí nó sa saol príobháideach⁵.
7. Mar a dúradh i gConclúidí 2012 maidir le Foréigean in aghaidh na mBan a chomhrac agus Seirbhísí Tacaíochta a sholáthar d'Íospartaigh Foréigin Baile, ní mór beartais chomhordaithe a bheith ann, lena n-áirítear comhar póilíneachta agus cur chuige cuimsitheach, má táthar le gach cineál foréigin in aghaidh na mban, agus in aghaidh leanaí na mban sin a fheiceann an foréigean sin, a dhíothú. Ós rud é nach ndéanann ach bean as gach seachtar na teagmhais foréigin is tromchúisí a thuairisciú, ba cheart go mbeadh bearta i gceist leis na beartais sin chomh maith a thathantódh ar íospartaigh teagmhais a thuairisciú do na póilíní.⁶

³ 16382/12

⁴ 9543/14

⁵ Airteagal 1 de Dhearbhú 48/104 ó na Náisiúin Aontaithe

⁶ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) (2014). *Violence against women: an EU-wide survey* [Foréigean in aghaidh na mban: suirbhé uile-Aontais]. *Main results* [Príomhthorthaí], Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán. <http://fra.europa.eu/en/publication/2014/violence-against-women-eu-wide-survey-main-results-report>; Lch 67, tábla 3.10.

8. Tá foréigean baile ar cheann de na cineálacha is coitianta foréigin in aghaidh na mban, agus áirítear leis aon ghníomh foréigin fhisiciúil, ghnéasaigh, shíceolaíoch nó eacnamaíoch a tharlaíonn sa teaghlach nó san aonad baile nó idir iarchéilí nó céilí reatha nó iarpháirtithe nó páirtithe reatha, cibé acu atá nó nach bhfuil, a bhí nó nach raibh an coireach in aontíos leis an íospartach. Is bac ar bhailiú sonraí inchomparáide ar fhoréigean baile nach ionann an téarmaíocht ná na sainmhínithe a úsáidtear sna Ballstáit uile.
9. I gcás foréigean baile, tá cosaint éifeachtach na n-íospartach ar athíospart, bunaithe ar chumhacht a bheith dílsithe sna húdaráis inniúla, i gcomhréir le hAirteagal 52 de Choinbhinsiún Iostanbúl, chun a ordú don té a dhéanann foréigean baile áit chónaithe an íospartaigh a fhágáil agus toirmeasc a chur ar an bhforéigeanoir filleadh ar an áit chónaithe sin nó dul i bhfoisceacht an íospartaigh nó dul i dteagmháil ar shlí eile leis an íospartach, bunaithe ar bheart cosanta náisiúnta nó le linn do na húdaráis beart cosanta ó Bhallstát eile a fhorfheidhmiú⁷, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit fhorghníomhaigh. Is é an cuspóir a bhíonn ag idirghabháil den sórt sin deireadh a chur le timthriall an fhoréigin, mar a thugtar go minic air, agus cead a thabhairt don íospartach maireachtáil gan faitíos a bheith á iompar acu. San idirghabháil a dhéanann siad, ní mór do na húdaráis inniúla a thaispeáint gur ceist phoiblí, chomh maith le ceist phríobháideach, an foréigean baile agus gurb é an té a dhéanann an foréigean, seachas an t-íospartach, a chaithfidh cuntas a thabhairt agus béasa a athrú. Is mór an cúnamh na teachtaireachtaí seo freisin don íospartach leis an gciontacht nó an náire a chur díobh.
10. Cé gur dírithe ar chearta an íospartaigh a chosaint ar shárú a bhíonn an idirghabháil a dhéanann na póilíní, is minic a bhíonn cumhachtaí na bpóilíní ag brath ar choiriúlú na sáruiithe sin. Dá bhrí sin, tá sé fíorthábhachtach go bhféadfadh na póilíní brath ar shainmhínithe sa dlí coiriúil a chumhdaíonn gnéithe uile an fhoréigin baile. Áirítear leis na gnéithe sin cineálacha síceolaíocha foréigin, amhail faitíos a chur ar an íospartach, dímrí a thabhairt dóibh nó iad a fhágáil faoi dhrámh - go minic ar feadh i bhfad. Airítear freisin cineálacha gnéasaithe foréigin, ar minic é mar thoradh orthu go n-airíonn na híospartaigh go bhfuil beag is fiú á dhéanamh díobh, agus ar minic lorg á fhágáil acu ar na híospartaigh.

⁷ I gcomhréir le Rialachán Uimh. 606/2013 nó Treoir 2011/99/AE, faoi seach.

11. Ainneoin an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, is mór idir na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil sna Ballstáit agus idir na Ballstáit, i dtéarmaí cumais, cáilíochta agus dáileadh geografach. I bhfianaise na ndúshlán atá fós gan réiteach, caithfear tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun a chinntiú go ndéantar comhordú éifeachtach ar na seirbhísí forfheidhmithe dlí, ag díriú ar chláir choisctheacha agus ag cur oiliúint chórasach ar fáil maidir le cearta na n-íospartach agus riachtanais na bpóilíní a bhíonn ag obair leis na híospartaigh agus le lucht déanta gníomhartha foréigin baile agus foréigin in aghaidh na mban.
12. Ní léiríonn sonraí riaracháin - lena n-áirítear sonraí póilíneachta - go cruinn méid (ná minicíocht) an fhoréigin baile agus an fhoréigin in aghaidh na mban mar nach ndéanann formhór na n-íospartach na teagmhais a thuairisciú do na póilíní. Is mór is fiú sonraí riaracháin a bhailiú mar gur bealach é sin le faisnéis a thairgeadh faoi fhreagairt an stáit i leith an fhoréigin sin; is bealach é, go háirithe, leis na beartais atá ann le dul i ngleic leis a mheas. An ceanglas maidir le sonraí ardháilíochta riaracháin a bheith ann, tá sé ag teacht leis na gealltanais idirnáisiúnta a thug na Ballstáit an foréigean in aghaidh na mban, mar a shainmhínítear i dTreoir 2012/29/AE maidir le Cearta na nÍospartach agus i gCoinbhinsiún Iostanbúl é, a chomhrac. Tá bunachair sonraí náisiúnta á gcoinneáil ag na húdaráis inniúla, lena n-áirítear na póilíní in 22 Bhallstát⁸.
13. Tá fás as cuimse ag teacht ar an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus in aghaidh na gcailíní, agus tionchar mór féideartha aige seo ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí. Is lú fós an tuairisciú a dhéantar ar an gcineál seo foréigin agus is lú a théitear i ngleic leis agus is lú atá a fhios ag daoine faoi ná mar atá a fhios acu faoin bhforéigean fíorshaoil, ach ba cheart aird faoi leith a thabhairt air, go mór mór ós rud é go bhfuil an chibearchoiriúlacht ar cheann de na tosaíochtaí a leagtar amach faoin Timthriall nua Beartais do 2018-2021.
14. Tá aonaid speisialaithe curtha ar bun ag formhór na mBallstát, sin nó tá ionchúisitheoirí poiblí ainmnithe acu chun dul i ngleic le foréigean baile laistigh dá gcuid struchtúr, socrú a bhfuil buntáistí dá chuid féin ag baint leis - ina measc gurb éifeachtaí mar bhealach é leis na gníomhartha foréigin a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.
15. Caithfear a mheabhrú nach bhfuil aon chás ann inar féidir foréigean baile agus foréigean in aghaidh na mban a chosaint, ná ionchúiseamh lucht déanta foréigin a sheachaint, bunaithe ar éagsúlacht nósanna, traidisiún, cultúr ná reiligiún.

⁸ An Ostair, an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, Éire, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe

16. Is mó fós an baol a bhíonn ann go ndéanfar foréigean ar imircigh mná, ar dhéanaithe mná agus ar mhná a bhfuil tearmann á lorg acu, agus ar leanaí na mban sin, toisc gur minic nach fíós cén stádas atá acu agus gur minic a bhíonn siad fágtha ar an bhfaraor géar. Sa chomhthéacs sin, is ionann, a bheag nó a mhór, an leibhéal cosanta a thugann na Ballstáit do na grúpaí soghonta sin, agus déanann na Ballstáit iarracht, san am céanna, a chur san áireamh gur minic cúrsaí reiligiún, cúrsaí traidisiún nó cúrsaí teanga ag teacht idir na mná sin agus rochtain ar na seirbhísí a bhíonn á dtairiscint ag na Ballstáit.
17. Tá oiliúint á cur ar fáil cheana féin ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) maidir le foréigean baile in aghaidh na mban a chosc agus maidir le mná a chosaint ar an bhforéigean sin, ach leis an leagan amach atá ar chúrsaí faoi láthair, ní mór féachaint an bhféadfaí cur leis an oiliúint sin i réimse an chibearfhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní agus i réimsí na n-imirceach mná, na ndéanaithe mná agus na mban a bhfuil tearmann á lorg acu, agus leanaí na mban sin.
18. Tá sásraí idirghníomhaíochta bunaithe ag roinnt mhaith Ballstát, idir na húdaráis forfheidhmithe dlí agus institiúidí rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile, mar aon le nósanna imeachta measúnaithe riosca nó uirlisí chun baol beatha agus sláinte íospartach foréigin baile a mheas.
19. Cé go bhfuil an oibleagáid ghinearálta atá ar oifigigh phóilíneachta túslíne - an fhaisnéis agus an cúnamh is gá a chur ar fáil d'íospartaigh foréigin baile - seanbhunaithe ar fud an Aontais, tá cineálacha struchtúrtha, réamhghníomhacha faisnéise den sórt sin tugtha isteach ag cuid de na Ballstáit, amhail bileoga eolas (agus iad ilteangach uaireanta) faoi na seirbhísí tacaíochta agus na bearta cosanta atá ar fáil agus faoi chearta na n-íospartach agus inniúlachtaí ábhartha na bpóilíní.
20. Is mór an difríocht a bhíonn ann ar feadh an Aontais san obair leantach a dhéanann na húdaráis phoiblí ar na bearta cosanta atá ann cheana. Cé gurb iomaí Ballstát a shannann an tasc seo ar na húdaráis bhreithiúnacha, tá Ballstáit ann a fhorálann gur minic a bhíonn teagmháil idir íospartaigh nó iar-íospartaigh agus oifigigh phóilíneachta a bhíonn ar seirbhís ina gceantair féin, rud a d'fhéadfadh a bheith go maith i dtéarmaí freagairt ghasta a bheith á tabhairt ar shárúithe féideartha agus méadú a bheith ag teacht ar an muinín a bhíonn ag na híospartaigh as na húdaráis phoiblí. D'fhéadfadh sé teacht as seo, dá réir sin, gur fearr an tuairisciú a dhéanfaí ar an bhforéigean baile.

21. D'fhéadfadh sé go gcuideodh sé le dul i ngleic ar bhealach níos fearr leis an bhfeiniméan seo dá mbunófaí pointí náisiúnta teagmhála maidir le ceisteanna a bhaineann leis an bhforéigean baile a chomhrac. I gcás inarb iomchuí, ba cheart údarás inniúil ábhartha a ainmniú mar phointe náisiúnta teagmhála, i gcomhréir le struchtúir agus reachtaíocht náisiúnta na mBallstát. D'fhéadfadh na pointí náisiúnta teagmhála faisnéis a chur ar fáil faoi na cineálacha éagsúla foréigin baile agus foréigin in aghaidh na mban, rud a bheadh ábhartha maidir le cosaint éifeachtach a dhéanamh ar íospartaigh a bheadh ar chríoch Ballstát eile. D'fhéadfaí dul i dteagmháil leis an bpointe náisiúnta teagmhála nuair a bheadh íospartach foréigin baile agus foréigin in aghaidh na mban ag taisteal chuig Ballstát eile agus baol ann nó é á bhagairt go ndéanfaí athghníomh foréigin ar chríoch an dara Ballstát, nó an foréigean sin déanta cheana féin. Dá mbeadh malartú faisnéise ann idir na pointí náisiúnta teagmhála, d'fhéadfadh údarais forfheidhmithe dlí an dara Ballstát freagairt a thabhairt láithreach agus d'fhéadfaí measúnú éifeachtach riosca a dhéanamh ar an gcás foréigin.
22. I limistéar saorghluaiseachta daoine, is maith ann don chomhar trasteorann póilíneachta i gcás ina gcaitear orduithe srianta agus bearta cosanta a chur chun feidhme thar lear, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Bhallstát an fhorghníomhaithe.

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT SAN AONTAS EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS

IARRANN SIAD ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, amhail oiliúint d'oifigigh phóilíneachta, tacaíocht a thabhairt do mhná a ndéantar foréigean orthu agus an comhionannas inscne a chur chun cinn tríd an gcistiú atá ar fáil faoi na cláir ábhartha atá ann.
2. Gníomh a dhéanamh más gá i gcomhréir le Beart E den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rún ón gComhairle an 10 Meitheamh 2011 maidir le Treochlár chun cearta agus cosaint íospartach a neartú, go háirithe in imeachtaí coiriúla, d'fhonn cearta na mban mar íospartaigh foréigin baile a neartú, mar chosaint ar an athíospairt, i gcomhréir le Dearbhú 19 maidir le hAirteagal 8 CFAE.

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT SAN AONTAS EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS

IARRANN SIAD ar na Ballstáit, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá acu faoi seach, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Na sásraí comhordaithe ildisciplíneacha atá ann cheana, agus a bhfuil sé d'aidhm acu an foréigean baile agus foréigean in aghaidh na mban a chomhrac trí chosc, brath, imscrúdú agus cosaint arna ndéanamh ag na húdaráis phóilíneachta, na sásraí sin a fhorbairt tuilleadh, a chur chun feidhme agus a fheabhsú.
2. Feabhas a chur ar shainaithint na gcásanna a bhaineann le gach cineál foréigin baile, agus ar bhailiú agus scaipeadh sonraí staidrimh a dhéanann na húdaráis phóilíneachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, sonraí staidrimh atá inchomparáide, iontaofa, agus a nuashonraítear go rialta, maidir le híospartaigh agus le lucht déanta gach cineál foréigin baile agus foréigin in aghaidh na mban, arna n-imdhealú de réir inscne, aoise agus an ghaoil idir an t-íospartach agus an déantóir, agus iad ag oibriú i gcomhar leis na hoifigí staidrimh náisiúnta agus Eorpacha, agus tacú leis an taighde agus leis an malartú dea-chleachtais sa réimse sin.
3. A áirithiú go ndéanfar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear Treoir 2012/29/AE agus rialacha an Aontais maidir le horduithe cosanta a aithint, mar a leagtar amach i Rialachán 606/2013 agus i dTreoir 2011/99/AE iad, a chur i bhfeidhm go ceart agus go comhsheasmhach chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh foréigin baile.
4. Tarraingt ar an taithí atá ag fórsaí póilíneachta cuid de na Ballstáit i réimse an chomhair struchtúrtha a bhaineann leis na seirbhísí tacaíochta agus na bearta cosanta atá ar fáil d'íospartaigh foréigin baile, lena n-áirítear an athíospart agus timthriall an fhoréigin a chosc.
5. An oiliúint iomchuí a neartú do na gairmithe ábhartha sna húdaráis phóilíneachta a bhíonn ag déileáil le híospartaigh nó le lucht déanta na ngníomhartha foréigin baile uile agus na ngníomhartha foréigin uile in aghaidh na mban, agus, i gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na cleachtais náisiúnta, na haonaid agus /nó na cláir phóilíneachta agus na tascfhórsaí a bhíonn ag déileáil le híospartaigh na ngníomhartha foréigin sin uile a atreisiú.
6. Cur leis an eolas agus bearta a chur chun feidhme sna struchtúir phóilíneachta atá ann chun dul i ngleic leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus leis an mbagairt a thugann an foréigean sin leis, agus atá ag teacht chun cinn. Bearta cosanta a ghlacadh agus feabhas a chur ar an bhfeasacht trí oiliúint inscne-íogair ar an gcibearfhoréigean a chur ar fáil do na húdaráis phóilíneachta.

7. Feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta trasteorann trí údarás ábhartha a ainmniú mar phointe teagmhála náisiúnta (NCP) i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le struchtúir agus reachtaíocht náisiúnta na mBallstát. D'fhéadfadh na pointí náisiúnta teagmhála faisnéis a mhalartú go tráthúil faoi na cineálacha éagsúla foréigin baile agus foréigin in aghaidh na mban agus a leanaí, d'fhonn sásra éifeachtach a chruthú don mhalartú faisnéise, rud atá ábhartha maidir le cosaint éifeachtach a dhéanamh ar íospartaigh ar chríoch Bhallstát eile. Áirítear leis seo freisin cásanna ina mbeadh íospartach foréigin baile agus foréigin in aghaidh na mban ó Bhallstát amháin ag taisteal chuig Ballstát eile agus go raibh baol ann nó go raibh sé á bhagairt go ndéanfar athghníomh foréigin ar chríoch an dara Ballstát, nó má rinneadh an t-athghníomh foréigin sin cheana féin.

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT SAN AONTAS EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS

IARRANN SIAD ar CEPOL, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá aige, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Tuilleadh forbartha a dhéanamh, ag féachaint do chás reatha na himirce, ar na modúil oiliúna a bhaineann leis an bhforéigean baile a chomhrac (mar shampla, an modúl ar líne atá ann faoin bhforéigean inscnebhunaithe), agus aghaidh á tabhairt ar ghnéithe eile, amhail an foréigean cibearshlándála in aghaidh na mban agus na gcailíní, agus an foréigean in aghaidh na mban sna hionaid imirceach, in aghaidh lucht iarrtha tearmainn agus dídine agus in aghaidh a gcuid leanaí, lena n-áirítear malartú dea-chleachtais phóilíneachta maidir le cásanna den sórt sin a láimhseáil.
2. Féachaint an bhféadfaí ceardlann thiomnaithe nó seimineár gréasáin *ad hoc* a eagrú ar an bhforéigean baile agus an foréigean in aghaidh na mban, do ghairmithe a bhíonn ag obair le himircigh, dídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn agus le leanaí na ndaoine sin.
3. Agus a chuid cúrsaí oiliúna á bhforbairt aige, tarraingt ar an bhfianaise atá bailithe ag FRA agus EIGE sna tuarascálacha rialta a eisíonn siad, fianaise a áiríonn sonraí maidir le foréigean baile agus foréigean in aghaidh na mban agus in aghaidh a gcuid leanaí in ionaid imirceach agus i measc dídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn.